# LÍONRA ROTHAÍOCHTA BÓTHAR STIOFÁIN

## NUACHTLITIR – EAGRÁN UIMH. 2

MEAN FÓMHAR 2025

## FÁILTE CHUIG AN DARA hEAGRÁN DE NUACHTLITIR SCÉIM LÍONRA ROTHAÍOCHTA BHÓTHAR STIOFÁIN

### Céim 1A den Obair ar Bhóthar Stiofáin:

Cuireadh tús leis an obair ar Scéim Líonra Rothaíochta Bhóthar Stiofáin mar a bhí beartaithe Dé Luain, an 8 Meán Fómhair agus táthar ag obair faoi láthair ar Chéimeanna 1A agus 1B, ar Imeall Thoir Bhóthar Stiofáin ag acomhal Bhóthar Rathúin, mar a thaispeántar sa bhfíor thíos.

### Cuirfear tús le hObair ar an mBóthar ar an Luan, an 29 Meán Fómhair:

- Cuirfear tús, ón Luan, an 29 Meán Fómhair, leis an obair ar an gcarrbhealach beo sa limistéar atá marcáilte mar Chéim 3 i bhFíor 1, thall.
- Beidh obair ar an mbóthar pleanáilte go cúramach agus leagfar amach i gcéimeanna í chun cur isteach ar thrácht a laghdú.
- Beidh roinnt oibre ag teastáil ar bhealaí isteach chuig eastáit tithíochta, agus taobh amuigh den bhealach isteach ag roinnt tithe. Rachaidh muid i gcomhairle leis na cónaitheoirí a mbeidh tionchar aige sin orthu roimh ré chun socruithe rochtana a chomhordú.
- Beidh obair ag teastáil freisin ar an áit a ligtear daoine amach ag Páirc Gnó Gateway.
- Beidh bearta bainistithe tráchta ag teastáil chun an obair a éascú, lena n-áirítear roinnt lánaí a dhúnadh go sealadach agus bealaí atreoraithe a chur i bhfeidhm do choisithe agus do rothaithe.
- Cuirfear dúnadh lánaí agus atreoraithe in iúl go soiléir le comharthaíocht.

**Chun tuilleadh eolais a fháil:** Déan teagmháil linn ag Jons Civil Engineering ar 0860835461 nó donalkelly@jonscivil.ie

Scan anseo chun tuilleadh eolais a fháil faoin tionscadal seo





**Figure 1 - Bóthar Stiofáin Planned Works Phasing**